An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Údarás na Gaeltachta

# Comhaontú Seachadadh Gníomhaíochta 2022 – 2024

## idir

## An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## agus

## Údarás na Gaeltachta

Sa Chomhaontú seo, leagtar amach réimsí comhoibrithe agus comhordaithe idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ("An Roinn") agus Údarás na Gaeltachta ("an tÚdarás") don tréimhse trí bliana ó 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2024.

**Comhthéacs:**
Cuimsíonn an cháipéis seo comhaontú maidir le seirbhísí dá chéile idir an Roinn agus an tÚdarás. Níl i gceist, áfach, go dtiocfaidh sé salach ar aon riachtanais reachtúla, reachtaíochta nó oibríochta eile a gcaithfidh ceachtar páirtí cloí leo, ná go ngabhfaidh sé ina n-ionad.

Sa chomhthéacs seo, tógann an comhaontú na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ról maoinithe, maoirseachta, agus cuntasachta na Roinne i dtaca le cúraimí reachtúla an Údaráis;
- Forálacha Acht na Gaeltachta 2012, An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 agus An Plean Gníomhaíochta 2018 -2022;
- Sainchúraimí an Údaráis mar údarás reachtúil atá freagrach as forbairt teangeolaíoch, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn;
- Na cuspóirí agus na spriocanna comónta atá ag an dá eagraíocht;
- An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i 2016;
- An Cód Caiteachais Phoiblí;

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus an tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) 2012; agus
- An tAcht um Chosaint Leanaí 2015, agus na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

**Foilsiú an Chomhaontaithe Seachadadh Gníomhaíochta**
Foilseofar cóip shínithe den Chomhaontú Seachadadh Gníomhaíochta ar shuíomhanna gréasáin na Roinne agus an Údaráis araon.

# 1. Bunús Reachtúil agus Polasaí

## 1.1. An Roinn

Is é misean na Roinne:

- Tacú leis an tionscal turasóireachta chun ioncam agus fostaíocht a mhéadú trí iomaíochas a fheabhsú agus trí mhargaíocht agus forbairt táirgí;
- Cultúr agus ealaíona na hÉireann a chur chun cinn, a chothú agus a fhorbairt;
- Tacú le húsáid na Gaeilge agus chun forbairt na Gaeltachta a éascú;
- Cur le sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht spóirt a chur chun cinn, agus trí thacú le hardfheidhmíocht agus trí shaoráidí a sholáthar;
- Beartas craolacháin agus meán a fhorbairt, lena n-áirítear reachtaíocht sábháilteachta ar líne, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an BAI, RTÉ agus TG4.

## 1.2. An tÚdarás

Gníomhaireacht reachtúil é an tÚdarás a bunaíodh 1 Eanáir 1980 faoin Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979. Is é an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt teangeolaíoch, eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn, agus san áireamh i measc a chuid feidhmeanna, tá cur i bhfeidhm an Phróisis Phleanála Teanga sa Ghaeltacht, rud atá ag croílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, cúnamh airgid agus eile a chur ar fáil chun tionscail agus scéimeanna táirgiúla fostaíochta a bhunú, a fhorbairt nó a chothabháil sa Ghaeltacht, caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht, agus cúraimí forbartha pobail.

## 2. An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit/ Maoirsiú Roinne/Córais Tuairiscithe

### 2.1. Dréachtphlean Straitéiseach (Paragraif 1.15 go 1.23 den Chód)

Mar chomhlíonadh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i 2016, bíonn Plean Straitéiseach i bhfeidhm ag an Údarás do thréimhsí idir 3 agus 5 bliana. Tacaíonn bainistíocht an Údaráis le feidhmiú na Straitéise le timthriall de phleanáil agus de bhuiséadú bliantúil.

Leanfar feasta de spriocanna agus straitéis nua don Údarás a leagan síos go tráthrialta dá réir, bunaithe ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 ina leith; ar fhorálacha na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta; Acht na Gaeltachta 2012; agus ról an Údaráis faoi Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Déanfar socruithe cuí maidir le buiséadú ilbhliantúil chomh fada agus atá a leithéid indéanta agus i gcomhréir le treoracha ábhartha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 2.2. Treoracha ón Roinn (Mír 8 den Chód)

Leagfar amach i litir cheadúcháin bhliantúil na Roinne, a chuirfear chuig an Údarás roimh 31 Márta gach bliain, an t-allúntas airgeadais atá á chur ar fáil ón Státchiste don bhliain, na bunspriocanna inghnóthaithe ar a bhfuil an t-allúntas bunaithe agus coinníollacha ábhartha eile, ar a n-áirítear socruithe maidir le tráthchodanna den allúntas a íoc agus tuairisc ar dhul chun cinn maidir le bunspriocanna inghnóthaithe a bhaint amach.

Beidh litir cheadúcháin bhliantúil na Roinne, chomh maith le haon treoracha eile a eisíonn an Roinn chuig an Údarás ó am go ham, ina ndlúthchuid den Chomhaontú seo.

### 2.3. An Tuarascáil Bhliantúil

Is é an sprioc atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ná Tuarascálacha Bliantúla eagras leathstáit, a bheith foilsithe roimh 30 Meitheamh gach bliain. Ag aithint nach bhfuil an sprioc sin go hiomlán faoi smacht an Údaráis, déanfaidh an tÚdarás a dhícheall dréacht-téacs agus cuntais, i bhfoirm chomh críochnúil agus is féidir, a chur ar fáil don Roinn 3 sheachtain roimh an sprioc-am measta a bhfaighfear tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil an Ard-Reachtaire ar fáil don Roinn laistigh de sheachtain amháin ón am a bhfaigheann sé í. Déanfaidh an Roinn a dícheall Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Iniúchta an Údaráis a chur faoi bhráid an Rialtais laistigh de 3 sheachtain ina dhiaidh sin (faoi réir nach mbeidh briseadh samhraidh an Rialtais ann ag an am), agus scéal a chur go pras ina dhiaidh sin chuig an Údarás, gur féidir an Tuarascáil agus na Cuntais a fhoilsiú.

## 3. An Cód Caiteachais Phoiblí

Is mian leis an Roinn aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an gCód Caiteachais Phoiblí (mar a leasaíodh in 2019) a chomhlíonadh i ndáil le gach cinneadh caiteachais maidir le cistiú caipitil agus reatha araon, agus ag gach céim de shaol an chláir, i.e. measúnú, pleanáil & dearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú tar éis an chuir i bhfeidhm. Tá Gníomhaireachtaí Coimircíochta, is é sin, gníomhaireachtaí a bhfuil freagracht dhíreach orthu as maoiniú poiblí a chaitheamh, freagrach go foriomlán as measúnú, pleanáil, bainistiú agus athbhreithniú tar éis an chuir i bhfeidhm a dhéanamh i gceart ar gach caiteachas reatha agus caipitil agus ní mór dóibh cinnte a dhéanamh go bhfuil an cead riachtanach faighte ón Roinn sula ndéanfar aon chaiteachas agus go bhfuil aon chaiteachas ag teacht le forálacha chead na Roinne.

Chomh maith leis sin, ní mór do gach gníomhaireacht a dhearbhú, i scríbhinn, go bhfuil próiseas bliantúil dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm acu a chomhlíonann an Cód agus go bhféadfaí maoiniú a choinneáil siar mura gcuirtear an deimhniú sin ar fáil. Ní mór an litir dearbhaithe seo a bheith sínithe ag an bPríomhfheidhmeannach /Stiúrthóir agus ní mór sonraí an phróisis dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm a bheith ann.

## 4. Ionchuir, Leibhéil Seirbhíse agus Toisí Feidhmíochta

Mar atá sonraithe ag 2.2 thuas, leagfar amach i litir cheadúcháin bhliantúil na Roinne, a chuirfear chuig an Údarás roimh 31 Márta gach bliain, an t-allúntas airgeadais atá á chur ar fáil ón Státchiste don bhliain sin.

Sonrófar in Aguisín leis an litir cheadúcháin bhliantúil na haschuir a bhaineann leis an soláthar agus na bunspriocanna inghnóthaithe ar a bhfuil an t-allúntas bunaithe, de réir mar a bheidh aontaithe agus foilsithe sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí ("REV").

Áireofar na hionchuir agus na haschuir a shonraítear san Aguisín sin mar chuid den Chomhaontú seo.

Coinníonn an Roinn an ceart chuici féin an maoiniú thuas, nó cibé cuid de a cheaptar a bheith cothrom agus réasúnta, a choinneáil siar nó a chur ar ceal i gcás go bhfeictear don Roinn nach rinneadh dul chun cinn réasúnta maidir leis na spriocanna aschuir atá leagtha amach san Aguisín leis an litir cheadúcháin nó gur facthas don Roinn gur loiceadh ar aon cheann de na coinníollacha sa chomhaontú a chomhlíonadh.

## 5. Caidreamh Ginearálta

Is é Rannán an Údaráis sa Roinn an príomhphointe teagmhála idir an Roinn agus an tÚdarás. Ní mór an Rannán sin a choimeád ar an eolas maidir le gnóthaí ábhartha, ar a n-áirítear teagmhálacha idir an tÚdarás agus oifig an Aire/Aire Stáit.

Mar aon le forálacha ar leith maidir le tuairisciú chuig an Aire, go háirithe mar atá leagtha síos i mír 8 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, tá socrú á chur i bhfeidhm ag Cathaoirleach an Údaráis leis an Aire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, mar a bhí i bhfeidhm roimhe seo, chun an tAire Stáit a choinneáil ar an eolas maidir le nithe a éiríonn i dtaca leis an Údarás. Tabharfaidh an Bord cuireadh ó am go ham don Aire Stáit de réir mar a oireann chun bualadh leis an mBord le hábhair chomhspéise a phlé. Cuirfear an Roinn ar an eolas faoi aon chuireadh dá leithéid a eiseofar.

Chomh maith le teagmháil leanúnach faoi ábhair chomhspéise, bíonn cruinnithe 3 nó 4 huaire in aghaidh na bliana idir ionadaithe ón dá eagraíocht chun clár oibre a phlé ar mhaithe le cur chun cinn feidhmeanna agus spriocanna na Roinne agus an Údaráis agus chun go gcoinneoidh an dá eagraíocht a chéile ar an eolas maidir le gnóthaí ábhartha.

Cé go n-aithnítear gur gá eolas a iarraidh gan choinne ó am go chéile, déanfar iarracht éilimh dá leithéid, a chaithfí a chur ar fáil ar fhógra an-ghearr, a sheachaint an oiread agus is féidir.

Leagtar síos i scríbhinn ó am go ham an gnáthstruchtúr teagmhála idir na heagraíochtaí. Glactar leis mar ghnáthnós go gcuirtear freagra i scríbhinn nó ar ríomhphost ar iarratais ar eolas nó ar chinneadh a dhéantar.

## 6. Cosaint Leanaí

Tá sé ina choinníoll maoinithe go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí in áit ag Údarás na Gaeltachta, de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den Acht um Chosaint Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015). agus go bhfuil an tÚdarás ag cloí le forálacha ábhartha uile na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016. Tá dualgas air freisin a chinntiú go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí in áit, de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den Acht um Chosaint Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015), má bhaineann sé le hábhar, ag gach dream a fhaigheann deontas ón Údarás.

## 7. Ciapadh san Áit Oibre

Is mian leis an Roinn aird a tharraingt ar na hoibleagáidí atá ar Údarás na Gaeltachta faoi:

- na h*Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015;*
- an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;, agus
- an tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) 2012.

Ina thaobh sin, is mian leis an Údarás a dhearbhú go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta inrochtana agus éifeachtacha i bhfeidhm ag an Údarás chun déileáil le ciapadh agus le ciapadh gnéasach. Ar ndóigh, beidh gá i rith an ama tuairisciú ar chomhall sa réimse seo a dhéanamh mar chuid den tuarascáil bhliantúil agus na cuntais bhliantúla.

## 8. An Ghaeilge

Leagtar síos in Alt 8(9) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, mar a leasaíodh le halt 17 d'Acht na Gaeltachta 2012, go gcinnteoidh an tÚdarás gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann. Tabharfar aitheantas dó sin, agus do Scéim Teanga na Roinne faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, sa chaidreamh idir an Roinn agus an tÚdarás.

## 9. Bonn Cliant/Comhchliaint

Leanfaidh an Roinn agus an tÚdarás leis an gcomhoibriú agus eolas á roinnt eatarthu faoi chliaint dá gcuid. I gcás cliaint atá ina gcomhchliaint idir an tÚdarás agus an Roinn, cinnteofar nach mbíonn trasnáil nó dúbláil feidhmeanna nó cúnaimh idir an dá eagraíocht. Aontaítear nach ndéanfar cliaint de cheachtar eagraíocht ina gcliaint den eagraíocht eile gan comhphlé eatarthu roimh ré. Aontaítear nach ndéanfaidh ceachtar den dá eagras cómhaoiniú ar aon tionscnamh gan comhaontú eatarthu roimh ré.

## 10. Comhfhreagrachtaí

Tá réimsí áirithe ann ina bhfuil freagrachtaí cosúla ar an Roinn agus ar an Údarás, mar shampla an fhreagracht ghinearálta maidir le caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh, agus freagrachtaí a eascraíonn faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (I.R. 600 de 2001). Leanfaidh an Roinn agus an tÚdarás de bheith ag cur comhthuisceana eatarthu chun cinn faoi chur i bhfeidhm a bhfreagrachtaí faoi seach.

## 11. Cláir agus Scéimeanna

I gcásanna gur gá toiliú an Aire nó an Rialtais a fháil do scéim nó do thogra ar leith nó do leibhéil nua údaráis (scéimeanna nua, tograí caipitil ar leith, mar shampla), cinnteoidh an tÚdarás go mbeidh cás gnó cuí faoi réir an Chód Caiteachais Phoiblí déanta roimh ré mar chuid den iarratas, agus déanfaidh an Roinn agus an tÚdarás le chéile gach iarracht chun cinneadh an Aire/an Rialtais a éascú. Pléifear na riachtanais agus na cúiseanna le sprioc ama do chinneadh, ag cur cúinsí tráchtála agus a leithéidí san áireamh. I gcásanna áirithe a mbíonn fíorphráinn le cinneadh, socrófar sprioc ama

ar leith. Sa ghnáthbhealach, áfach, bheifí ag súil le cead an Aire laistigh de 6 seachtaine, nó i gcás cinneadh Rialtais nó i gcás scéime nua nó leibhéal nua údaráis, laistigh de 3 mhí.

Ní chuirfidh feidhmeannas an Údaráis aon iarratas faoi bhráid an Bhoird le ceadú mura bhfuil na hacmhainní ag an Údarás, nó socruithe déanta go mbeidh acmhainní ar fáil ó eagraíochtaí forbartha stáit eile, chun an tionscnamh a mhaoiniú.

## 12. Bainistíocht Athruithe agus Forbartha – Oiliúint agus Comhroinnt Eolais

Leanfaidh an dá eagraíocht i ndlúthchaidreamh lena chéile maidir le riachtanais agus deiseanna éifeachtachta acmhainní airgeadais agus foirne an Údaráis. Aithnítear go bhfuil dúshláin i ndán don Roinn agus don Údarás maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030, An Plean Gníomhaíochta 2018 -2022 agus Acht na Gaeltachta 2012. Glactar leis go mbeidh ciallachais leis seo ó thaobh buiséad, scileanna, saineolais, róil agus líon foirne. Leanfaidh foireann na Roinne agus an Údaráis dá gcomhoibriú i réimsí ar nós seisiúin eolais agus cúrsaí oiliúna do na réimsí oibre ábhartha, agus i dtaca le forbairt phroifisiúnta foirne. Cuirfidh an Roinn agus an tÚdarás a chéile ar an eolas maidir le cúrsaí oiliúna ábhartha a d'éascódh forbairt foirne an Údaráis agus na Roinne.

Faoi réir srianta reachtúla agus acmhainní foirne, nuair a bhíonn cumas sainiúil in aon réimse ar leith atá ar fáil i gceann den dá eagraíocht, a theastaíonn ón eagraíocht eile, déanfaidh an chéad eagraíocht iarracht an tseirbhís seo a chur ar fáil don eagraíocht eile, ag aithint an ghá atá le costais sa tseirbhís phoiblí a ísliú trí éifeachtúlacht agus sineirgí idirghníomhaireachta agus trí shocruithe oibre solúbtha a chruthú.

## 13. Comhthionscadail

Oibreoidh an Roinn agus an tÚdarás as lámha a chéile ar chomhthionscadail, faoi réir iad a bheith ag teacht le réimse feidhmeanna na n-eagraíochtaí agus na n-acmhainní a bheith ar fáil dá leithéid.

## 14. Athbhreithniú

Ní chuireann an Comhaontú seo srian ar aon socruithe eile comhoibrithe is féidir a shocrú idir an Roinn agus an tÚdarás de réir mar a oirfidh. Déanfar athbhreithniú ar an gComhaontú seo de réir mar is cuí ó am go ham agus go bliantúil ar a laghad d'fhonn an comhoibriú idir an Roinn agus an tÚdarás a choinneáil agus a threisiú. Fanfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ó 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2024 nó go dtí go mbeadh comhaontú nua aontaithe idir an dá eagraíocht.

## 15. Comhaontú

Chun an Comhaontú Seachadadh Gníomhaíochta seo a dhaingniú, tá ionadaí cuí ón dá eagraíocht tar éis é a shíniú anseo thíos.

Sínithe: Dáta:

31 Márta 2022

Seán Mac Eoin,
Príomhoifigeach,
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

13 Aibreán 2022

Colm Ó Coisdealbha,
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha,
Údarás na Gaeltachta

**Aguisín: An Gnáthstruchtúr Teagmhála idir na hEagraíochtaí, Márta 2022**

| An Gnó | An Teagmháil sa Roinn |
|---|---|
| Rialachas, reachtaíocht, cruinnithe idir an dá eagraíocht, achainíocha, fiosrúcháin ghinearálta, Ceisteanna Dála, oscailtí oifigiúla, óráidí d'Airí, an Tuarascáil Bhliantúil<br><br>Cúrsaí airgeadais, meastacháin bhliantúla, sonraí míosúla airgeadais, éileamh ar íocaíocht ón Roinn srl.<br><br>Tuairiscí faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.<br><br>Spriocanna nó torthaí i gcoinne buntáscairí feidhmíochta | Seán Mac Eoin, 091 503705, 087 8596001, sean.maceoin@tcagsm.gov.ie<br><br>Máire Uí Churraoin, 091 503718, maire.uichurraoin@tcagsm.gov.ie<br><br>Seán Ó Grífín, 091 503723, 087 6538511, sean.ogrifin@tcagsm.gov.ie<br><br>Maria Uí Bhriain, 091 503760, maria.uibhriain@tcagsm.gov.ie<br><br>Preasoifigeach na Roinne:<br>Róisín O'Hara, 087 6737338, Press.Office@tcagsm.gov.ie |
| Campaí Samhraidh | Treasa Seoighe, 091 503719, 086 8391658, treasa.seoighe@tcagsm.gov.ie |
| An Próiseas Pleanála Teanga | P.J. Ó Ceallaigh, 091 503724, 085 8565155, pj.oceallaigh@tcagsm.gov.ie |
| Cúrsaí foirne agus pearsanra | Ceannasaí Acmhainní Daonna:<br>Donal Crowley, 01 6313957, donal.crowley@tcagsm.gov.ie<br><br>Seán Mac Eoin, 091 503705, 087 8596001, sean.maceoin@tcagsm.gov.ie |

| An Gnó | An Teagmháil san Údarás |
|---|---|
| Plé ar thograí nó scéim nó leibhéil nua údaráis ar gá toiliú an Aire nó an Rialtais a fháil dó.<br><br>Plé ar chúrsaí rialachais, reachtaíochta agus a leithéidí, ar chruinnithe idir an dá eagraíocht, agus ar chúrsaí Boird. | Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha:<br>Colm Ó Coisdealbha, 091 503107, 087 2445996<br>colm@udaras.ie<br><br>Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha:<br>Judy Ní Dhubháin, 091 503129, 085 8510095, judy@udaras.ie<br><br>Rúnaí Bhord an Údaráis:<br>Mairéad Ní Oistín, 091 503195, mairead@udaras.ie<br><br>*Is féidir socrú eile a aontú idir an dá eagraíocht in aon chás ar leith. Tarlóidh sé seo go hiondúil má bhíonn cinneadh Rialtais i gceist.* |
| Ceisteanna faoi chúnamh Stáit. | Bríd Ní Ghamhnáin, 091 503189, bng@udaras.ie |
| Achainíocha, fiosrúcháin ghinearálta, Ceisteanna Dála agus a leithéidí | Rúnaí an Phríomhfheidhmeannaigh:<br>Bridie Nic Dhonnacha, 091 503112, bridie@udaras.ie<br><br>Cc: Máire Mairéad Ní Bhiadha, 091 503190, m.nibhiadha@udaras.ie<br><br>I gcás gnó parlaiminte nó nithe práinneacha eile, cuirfidh an Roinn cóip den ríomhphost leis an gceist chuig na daoine seo ag an am céanna, ar eagla daoine a bheith as láthair:<br><br>Bridie Nic Dhonnacha bridie@udaras.ie,<br><br>Máire Mairéad Ní Bhiadha m.nibhiadha@udaras.ie,<br><br>Julie Ní Ghuairim jng@udaras.ie<br><br>Judy Ní Dhubháin judy@udaras.ie<br><br>Mairéad Ní Oistín mairead@udaras.ie |

| An Gnó | An Teagmháil san Údarás |
|---|---|
| Cúrsaí caidrimh phoiblí, an Tuarascáil Bhliantúil, preasráitis. | Feidhmeannach Cumarsáide:<br>Maggie Ní Chadhain, 087 3452701<br>m.nichadhain@udaras.ie |
| Cúrsaí airgeadais, meastacháin bhliantúla, sonraí míosúla airgeadais, éileamh ar íocaíocht ón Roinn srl.<br><br>Gnóthaí Soláthar Poiblí | Bainisteoir Airgeadais:<br>Máire Ní Chuinneagáin, 091 503158,<br>mnc@udaras.ie<br><br>Cuirtear ceisteanna faoi chuid den ábhar, sonraí míosúla, mar shampla, chuig:<br>Joan Ní Mhaoláin, 091 503167,<br>j.nimhaoilain@udaras.ie |
| Cúrsaí foirne agus pearsanra – tuairiscí tráthrialta, tuairiscí i dtaca le comhaontaithe pá agus cás d'fhoireann nua, gnóthaí pá, líonadh folúntas | Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne:<br>Pádraicín Bheilbigh, 091 503217,<br>p.bheilbigh@udaras.ie |
| Tuairiscí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, spriocanna nó torthaí i gcoinne buntáscairí feidhmíochta, faoi Oscailtí Oifigiúla, agus Óráidí d'Airí agus a leithid san áireamh<br><br>Tuairiscí faoi ghnóthaí Eorpacha, Cistí Eorpacha. | Stiúrthóir Fiontraíochta, Fostaíochta & Maoine:<br>Mark de Faoite, 091 503145, 086 2810500,<br>mark@udaras.ie<br><br>Bainisteoir Fiontraíochta & Fostaíocht:<br>Sinéad Ní Fhatharta, 091 503252,<br>sinead@udaras.ie<br><br>Bainisteoir Taighde & Forbairt Earnáil:<br>Éamonn Ó Neachtain, 091 503471<br>eon@udaras.ie |
| An próiseas Pleanála Teanga - Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge/Pleanáil Teanga | Bainisteoir Pleanála Teanga:<br>Siubhán Nic Grianna, 091 503219,<br>sng@udaras.ie |

| An Gnó | An Teagmháil san Údarás |
|---|---|
| Comharchumainn, Forbairt Pobail<br><br>Gnóthaí pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. | Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga:<br>Ronan Mac Con Iomaire, 091 503136, 087 2253197, ronan@udaras.ie<br><br>Bainisteoir Aonad Forbartha Pobail:<br>Éamonn Ó hÉanaigh, 091 503273, 087 9258128 e.oheanaigh@udaras.ie |

## Aguisín: Ionchuir, Leibhéil Seirbhíse agus Toisí Feidhmíochta 2022

Deimhnítear san Aguisín seo an t-allúntas airgeadais atá á chur ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ("An Roinn") d'Údarás na Gaeltachta ("an tÚdarás") ón Státchiste don bhliain 2022 agus sonraítear na haschuir a bhaineann leis an soláthar agus na bunspriocanna inghnóthaithe ar a bhfuil an t-allúntas bunaithe, de réir mar atá foilsithe sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí ("REV").

Áirítear na hionchuir agus na haschuir a leagtar amach anseo thíos mar Aguisín de litir cheadúcháin bhliantúil na Roinne agus mar Aguisín den Chomhaontú Seachadadh Gníomhaíocht 2022 – 2024.

### Ionchuir 2022

| **Údarás na Gaeltachta** | **€000** |
|---|---|
| C6 – Reatha (Riarachán) | €13.080m |
| C7 – Reatha (Teangabhunaithe) | €5.750m |
| C8 – Caipiteal | €14.454m |
| C8 – Caipiteal (tugtha ar aghaidh ó 2021*) | €1.500m |
| Uimhreacha Foirne (FTE) | 105 |

**Maidir leis an soláthar caipitil, tá suim de €1.500m nár caitheadh i 2021 tugtha ar aghaidh go 2022 agus curtha isteach i mbuiséad caipitil an Údaráis. Ciallaíonn sé seo go bhfuil buiséad iomlán caipitil de €15.954m curtha ar fáil ag an Roinn don Údarás i 2022.*

Coinníonn an Roinn an ceart chuici féin an maoiniú thuas, nó cibé cuid de a cheaptar a bheith cothrom agus réasúnta, a choinneáil siar nó a chur ar ceal i gcás go bhfeictear don Roinn nach rinneadh dul chun cinn réasúnta maidir leis na spriocanna aschuir atá leagtha amach sa tábla thíos nó gur facthas don Roinn gur loiceadh ar aon cheann de na coinníollacha sa litir cheadúcháin agus/nó sa Chomhaontú Seachadadh Gníomhaíochta a chomhlíonadh.

### Leibhéil Seirbhíse agus Toisí Feidhmíochta

| **Gníomhaíocht Seirbhíse Poiblí** | **2021 spriocanna aschuir** | **2021 aschuir** | **2022 spriocanna aschuir** |
|---|---|---|---|
| **Údarás na Gaeltachta** | | | |
| **Fiontraíocht agus Fostaíocht** | | | |
| Poist nua cruthaithe | 400 | 446 | 400 |
| Poist a bhfuil tacaithe leo | 7,800 | 7,809 | 8,000 |
| **Moil Digiteacha (gTeic)** | | | |
| Líon Oscailte | 34 | 27* | 34 |
| Ráta Áitíochta – Bliain 1 | 40% | 40%** | 60% |

| Gníomhaíocht Seirbhíse Poiblí | 2021 spriocanna aschuir | 2021 aschuir | 2022 spriocanna aschuir |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Pobail** | | | |
| Comharchumainn & CFAP (LCDPs) maoinithe | 33 | 33 | 34 |
| **Seirbhísí Luathbhlianta** | | | |
| Líon Naíonraí, Seirbhísí Luathbhlianta agus Ionaid Cúraim Leanaí maoinithe | 111 | 113 | 111 |
| Líon páistí ag freastal | 1,627 | 1,768 | 1,627 |
| **Próiseas Pleanála Teanga** | | | |
| Fógraí déanta faoi alt 7(3) den Acht i leith Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT) | 1 BSG | 0 | 1 BSG |
| Pleananna Teanga curtha faoi bhráid na Roinne chun críche faofa | 2<br>(1 LPT, 1 BSG) | 1 | 1 |
| Feidhmiú Pleananna Teanga idir lámha | 28<br>(25 LPT, 2 BSG) | 23<br>(21 LPT & 2 BSG) | 28<br>(26 LPT & 2 BSG) |
| Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) – líon bailte ina mbeidh ullmhúchán plean teanga tosaithe ann | 1 | 2 | 2 |
| **Ionaid Oideachais agus Óige** | | | |
| Ionad Oideachais agus Óige, Indreabhán | Cead Pleanála faighte, Fómhar.<br>Conradh Tógála, Nollaig 2021 | Plé ar bun le tionónta agus pobal i dtaobh socrú forbartha inghlachtha. | Iarratas le déanamh ar chead pleanála, agus tús le tógáil. |
| Ionad Oideachas agus Óige, Gaoth Dobhair | Staidéar féidearthachta le críochnú & cás gnó ullmhaithe | Staidéar féidearthachta críochnaithe, agus réamh-chás gnó dhá hullmhú. Aontú i dtaobh ionad óige sealadach. | Réamh-chás gnó ullmhaithe & tús curtha le cur in áit ionad óige. |

| Gníomhaíocht Seirbhíse Poiblí | 2021 spriocanna aschuir | 2021 aschuir | 2022 spriocanna aschuir |
|---|---|---|---|
| **Ionaid Turasóireachta** | | | |
| Ionad Oidhreachta Árann, Inis Mór | Soláthraithe le ceapadh don mhíniúcháin. | Comhairleoir ceaptha chun iarratas RRDF a ullmhú. | Iarratas ar mhaoiniú RRDF le |
| Ionad Oidhreachta na nOileán, Leitir Mealláin | Folcadáin feamainn le n-oscailt.<br>Tairiscint le fógairt don míniúcháin & don obair tógála breise | Folcadán feamainne oscailte. Tús curtha le réamh-obair don phróiseas tairisceana | Próiseas tairisceana le críochnú agus tús le tógáil |
| Ionad na nImirceach, Carna | Tairiscint le fógairt don míniúcháin & don obair tógála breise.<br>Tús le chur leis an obair tógála. | Cead pleanála aimsithe. Tús curtha le réamh-obair don phróiseas tairisceana. | Próiseas tairisceana le críochnú agus tús le tógáil |
| Áras Éanna, Inis Oírr | Pleananna nua tógála le n-aontú. | Pleananna nua tógála pléite | Pleananna nua tógála le n-aontú. |
| Áras Scéalta an Atlantaigh, An Fód Dubh | Tairiscint don tógáil le fógairt, tús a chur leis an obair tógála & míniúcháin,<br>Teach Solais le n-oscailt do cuairteoirí do shéasúr 2021. | Teach Solais oscailte do chuairteoirí. Tús curtha le obair tógála.<br>Forbairt fisiciúil críochnaithe ar Siúlóidí Ceantar na hEachléime ar an margadh. | 70% den tógáil déanta.<br>90% den léir mhíniúchán aontaithe.<br>Teach Solais An Fhóid Dubh ar Oscailt<br>Siúlóidí Ceantar na hEachléime ar an margadh. |
| **Muintearas Teo** | | | |
| Clubanna Óige | | | |
| • Clubanna Óige Cláraithe | 42 | 42 | 42 |

| Gníomhaíocht Seirbhíse Poiblí | 2021 spriocanna aschuir | 2021 aschuir | 2022 spriocanna aschuir |
|---|---|---|---|
| • Líon daoine óga ag freastal | 1,500 | Ní raibh clubanna ag feidhmiú mar is gnáth i 2021 de bharr srianta COVID-19 | 1,500 |
| Scéim na gCampaí Samhraidh | | | |
| • Líon na n-eagraíochtaí atá ag reáchtáil Campaí Samhraidh | 40 (ag braith ar srianta Covid) | 50 | 80 ( ag brath ar shrianta Covid) |
| • Líon na gCampaí Samhraidh atá a reáchtáil | 100 (ag braith ar srianta Covid) | 145 | 200 (ag brath ar shrianta Covid) |
| • Cúrsaí Oiliúna | 30 | 12 | 30 |
| Scéim na gCúntóirí Teanga | | | |
| • Líon Cúntóirí fostaithe | 87 | 87 | 87 |
| • Líon scoileanna ag fáil tairbhe na scéime | 107 | 107 | 107 |
| • Clár Spóirt sna Scoileanna | 18 | 18 | 18 |
| **Ealaín (na Gaeltachta) Teo** | | | |
| Scéim na bhFéilte | 18 | 18 | 18 |
| Scéim Síol | 45 | 46 | 45 |
| Scéim Príomhréimsí<br>• Scéim Cothú<br>• Scéim Forbartha na nEalaíon | <br>6<br>12 | <br>5<br>16 | <br>6<br>15 |
| Scéim Sparánachta | 25 | 44 | 40 |

**Oscailte nó ar tí a bheith oscailte*

***De bharr srianta COVID-19, bhí ráta glan áitíochta níos giorra do 80% i gcaitheamh na bliana.*